Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10161/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0423(COD)**

**ENER 299**
**CLIMA 283**
**ENV 605**
**COMPET 494**
**RECH 373**
**AGRI 252**
**RELEX 793**
**CODEC 902**
**IA 93**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15063/1/21 REV 1<br>+ REV 1 COR 1<br>+ ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh, mar chuid den phacáiste aeráide 'Oiriúnach do 55' darb aidhm an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme d'fhonn an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Leis an bpacáiste reachtach seo, féachtar leis an sprioc idirmheánach de ghlanlaghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030.

2. Is gás ceaptha teasa é an meatán, agus taobh amuigh den dé-ocsaíd charbóin, is é an gás é is mó a imríonn tionchar ar an athrú aeráide, arb é is cúis le tuairim agus aon trian é den téamh aeráide dá bhfuil ag tarlú faoi láthair. Cé go gcuireann gníomhaíochtaí daonna eile, amhail talmhaíocht (feirmeoireacht bheostoic den chuid is mó) agus fuíolluisce, le hastaíochtaí meatáin, is in earnáil an fhuinnimh is féidir na laghduithe is éifeachtúla ó thaobh costais de a bhaint amach go tapa.

3. Déantar foráil sa Rialachán maidir le feabhas a chur ar chruinneas na sonraí faoi phríomhfhoinsí na n-astaíochtaí meatáin a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas fuinnimh san Aontas. Ceanglaítear leis freisin ar na hearnálacha ola, gáis agus guail a n-astaíochtaí meatáin a chainníochtú mar aon le rialacha chun sceití meatáin a bhrath agus a dheisiú. Moltar freisin caighdeáin chun scaoileadh agus bladhmadh a theorannú. Leagtar amach sa téacs freisin cúraimí na n-údarás inniúil, maidir le cigireachtaí agus gearáin, chomh maith le ról agus nósanna imeachta na bhfíoraitheoirí i dtaca le fíorú na sonraí astaíochtaí meatáin arna dtuairisciú ag oibreoirí.

4. Maidir leis na hastaíochtaí meatáin taobh amuigh den Aontas, tugtar ionstraimí trédhearcachta isteach leis an Rialachán: oibleagáid faisnéise ar allmhaireoirí breoslaí iontaise maidir le hastaíochtaí meatáin, liosta trédhearcachta de chuideachtaí agus tíortha an Aontais agus de chuideachtaí a onnmhairíonn fuinneamh iontaise chuig an Aontas, lena n-áirítear faisnéis faoina n-oibleagáidí tuairiscithe idirnáisiúnta agus uirlis faireachán dhomhanda bunaithe ar shonraí satailíte chun méid, atarlú agus suíomh na n-astaírí meatáin a phoibliú.

5. Le forálacha críochnaitheacha an togra, foráiltear do phrionsabail threoracha maidir le smachtbhannaí, agus é á aithint ag an am céanna gur inniúlacht náisiúnta é forchur smachtbhannaí. Leis na forálacha sin, tugtar an chumhacht freisin chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh, chomh maith le clásal athbhreithnithe.

6. An 3 Márta, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus le Coiste Eorpach na Réigiún (CnR). Creideann CESE, nach bhfuil an tAontas, ar an leibhéal domhanda, freagrach ach as 5 % d'astaíochtaí meatáin agus gurb as allmhairí gáis nádúrtha ó lasmuigh den Aontas a thagann formhór na n-astaíochtaí sin. Dá bhrí sin, is ríthábhachtach fós é cur chuige idirnáisiúnta lena n-áirítear allmhairí fuinnimh. Leagann CESE béim freisin ar an ngá atá ann spriocdhátaí iomchuí cigireachta a leagan síos do shuiteálacha gáis, agus idirdhealú á dhéanamh idir a staid theicniúil agus a n-aois. Tionscnaimh amhail an Fhaireachlann Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin (FIAM), chomh maith le húsáid teicneolaíochtaí satailíte chun an sceitheadh sin a bhrath, ba cheart na tionscnaimh agus an úsáid sin a chuíchóiriú agus tús áite a thabhairt dóibh. Níl an tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún foilsithe go fóill.

7. An 2 Meitheamh, chuir Parlaimint na hEorpa de chúram ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) an togra sin a iniúchadh. Silvia Sardone (IT, ID) an rapóirtéir atá i ENVI agus is í Jutta Paulus (DE, na Glasaigh) an rapóirtéir i ITRE.

8. Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhad agus ar na príomh-shaincheisteanna a pléadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle (TTE - Fuinneamh) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.

## II. AN BUNÚS DLÍ

9. D'iarr roinnt Ballstát tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an mbunús dlí don téacs a mheas siad gur mó a bhaineann sé leis an gcomhshaol seachas le fuinneamh. Thug Seirbhís Dlí na Comhairle uaithi a tuairim i scríbhinn an 3 Meitheamh 2021 (9806/22).

## III. STAID NA hIMEARTHA

10. Chuir an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair faoi bhráid na Meithle um Fhuinneamh an 7 Feabhra 2022. Rinneadh tuilleadh oibre chun mionscrúdú a dhéanamh ar na hairteagail sa téacs. Le linn na gcruinnithe sin, léirigh na toscaireachtaí gur spéis leo bearta chun astaíochtaí a chainníochtú agus a laghdú agus léirigh siad a dtacaíocht do na bearta sin. Bhí plé fairsing ann maidir le bladhmadh, i ngach earnáil, agus scaoileadh, go háirithe i gcás na mianach, agus maidir le cóimheas costais agus tairbhe na mbeart a bheidh le glacadh.

11. Tar éis an phlé a rinneadh ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh agus i bhfianaise na mbarúlacha i scríbhinn a thíolaic na toscaireachtaí, mhol an Uachtaránacht an 20 Aibreán téacs comhréitigh (REV1) ST 8192/22, a scrúdaigh an Mheitheal um Fhuinneamh an 28 Aibreán. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne na leasuithe atá beartaithe, go háirithe maidir le síneadh a chur leis na spriocdhátaí agus maidir leis na soiléirithe a rinneadh. Dar le cuid de na toscaireachtaí, áfach, ba cheart téacs breise a chur isteach chun teacht ar leagan sásúil den téacs. Maidir leis na spriocdhátaí a moladh in REV1, ní raibh na stáit sa Chomhairle ar aon intinn, cuid acu ag iarraidh go ndéanfaí iad a shíneadh a thuilleadh, cuid eile den tuairim go raibh spriocdhátaí áirithe rófhada, go háirithe maidir le deisiú sceití a fhíorú.

12. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe agus/nó parlaiminteach ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs, agus tá siad fós ag déanamh anailís ar fhorálacha na dréacht-Treorach.

## A. Amharc ginearálta

13. Tríd is tríd, chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad le bearta lena ndírítear ar astaíochtaí meatáin a laghdú i bhfianaise ról an mheatáin mar ghás ceaptha teasa. D'aithin siad a thábhachtaí atá sé astaíochtaí meatáin a laghdú ar bhealach inbhuanaithe d'fhonn cáilíocht an aeir a fheabhsú, an téamh domhanda a mhoilliú agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Mar sin féin, d'iarr na Ballstáit go ginearálta go mbeifí feasach ar na hualaí breise riaracháin agus ar chostas na mbeart, go háirithe i ndáil le tuairisciú. Chuir na toscaireachtaí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé méid áirithe solúbthachta a choinneáil maidir leis na bearta a chur chun feidhme chun na sainiúlachtaí náisiúnta a urramú. D'iarr toscaireachtaí soiléiriú freisin. Cheistigh siad go háirithe an ionstraim a roghnaíodh (rialachán seachas treoir), an sainmhíniú ar thoibreacha neamhghníomhacha, an ghné idirnáisiúnta (rochtain ar shonraí, baol iomaíochta éagóraí, cur chuige taidhleoireachta nó rialála), an nasc a d'fhéadfaí a dhéanamh le CBAM nó ETS, na modheolaíochtaí a roghnaíodh do MRV (tomhas, tuairisciú, fíorú), na tairseacha astaíochta a sainíodh, minicíocht na bhfíoruithe agus ról na n-údarás náisiúnta.

## B. <u>Na príomh-shaincheisteanna</u>

<u>Ábhar agus raon feidhme ( Airteagal 1)</u>

14. Theastaigh soiléiriú ó roinnt Ballstát maidir leis na sainmhínithe agus a raon feidhme, chun na gníomhaíochtaí agus na suiteálacha uile a chumhdaítear leis an Rialachán a leagan amach go soiléir. Cheistigh na Ballstáit freisin cineál na gcostas arna gcur san áireamh i gceapadh na dtaraifí chomh maith le ról ACER agus an cúnamh a d'fhéadfadh sé a thabhairt do na Ballstáit. Thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire go raibh gá le cur chuige eile le haghaidh toibreacha ola agus gáis neamhghníomhacha tréigthe agus le haghaidh toibreacha neamhghníomhacha atá dúnta agus séalaithe go hiomlán agus mhol siad sainmhínithe ar na téarmaí sin. I gcás na dtoibreacha tréigthe, d'fhéadfaí astaíochtaí meatáin a thuairisciú go bliantúil. Ar an taobh eile, i gcás toibreacha neamhghníomhacha atá dúnta agus séalaithe go hiomlán, ba cheart na bearta rialaithe a bheith níos solúbtha agus níos spriocdhírithe, toisc gur cheart go mbeadh na sceití diomaibhseach i bhformhór na gcásanna sin. Measadh go raibh gá freisin le cur chuige solúbtha spriocdhírithe i gcás toibreacha eischósta, i bhfianaise na gcostas a bhaineann le faireachán agus tuairisciú bliantúil. Maidir le toibreacha eischósta, tuairiscíodh nach raibh a lán áiteanna inrochtana a thuilleadh mar gheall ar thógáil foirgneamh ar sheanláithreacha eastósctha.

<u>Cigireachtaí (Airteagal 6)</u>

15. D'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfadh na húdaráis inniúla cigireachtaí ar bhonn measúnú riosca ar shuiteálacha, rud a tugadh isteach in REV1. Mar sin féin, d'fhéadfaí foirm agus ábhar an mheasúnaithe sin a dhéanamh níos sonraí. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, don oibreoir agus do na húdaráis inniúla araon, d'iarr roinnt toscaireachtaí minicíocht na gcigireachtaí tréimhsiúla a laghdú chun iad a oiriúnú do dhúshláin na suiteálacha rialaithe.

An Fhaireachlann um Astaíochtaí Meatáin Idirnáisiúnta (Airteagal 10)

16. Maidir le ról na Faireachlainne, thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire gur gá dúbláil inniúlachtaí a sheachaint idir na fíoraitheoirí náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta (cf. Airteagal 8). Agus an méid sin á chur san áireamh, ceistíodh an dlisteanacht a bhaineann le cúraimí fíoraithe a shannadh don fhaireachlann, gan a bheith in amhras, mar sin féin, faoi luach chúraimí eile na faireachlainne, amhail comhiomlánú sonraí astaíochtaí meatáin agus foilsiú sonraí comhiomlánaithe.

Faireachán agus tuairisciú (Airteagal 12)

17. Chuir na toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo nach ndéanfaí tomhais ag leibhéal láithreáin ach amháin i gcás ina sáraíonn astaíochtaí suiteála íostairseach agus é sin chun nach ndéanfaí iarrachtaí tuairiscithe díréireacha i gcás foinsí fíorísle astaíochtaí. Tá sé sin i gcomhréir le prionsabal na tábhachta coibhneasta (‘materiality’) atá i OGMP 2.0. Chomh maith le tomhais dhíreacha a dhéanamh, iarradh leasuithe ar théacs chun soiléiriú a dhéanamh an bhféadfaí teicnící éagsúla cainníochtaithe astaíochtaí a úsáid i gcásanna ina mbeadh tomhais dhíreacha dodhéanta nó an-chostasach.

Brath agus deisiú sceití (Airteagal 14)

18. Ó thaobh na hEorpa de, d’fhéadfaí sainordú a thabhairt don Choimisiún modheolaíocht choiteann a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN). Chun sceití a bhrath agus a dheisiú, mhol na toscaireachtaí cur chuige rioscabhunaithe.

    Maidir leis an tairseach 500 ppm atá roghnaithe chun sceití a bhrath agus a dheisiú, cheistigh Stáit éagsúla í nó léirigh siad na fadhbanna gaolmhara tomhais agus modheolaíochta a bhainfeadh leis sin.

Scaoileadh agus bladhmadh (Airteagal 15)

19. D'iarr na toscaireachtaí rialacha níos solúbtha maidir le scaoileadh agus bladhmadh chun na ceanglais éagsúla maidir le heastóscadh eischósta ola agus gáis, nó na ceanglais a theastaíonn mar thoradh ar shábháilteacht na n-oibrithe agus ar shlándáil an tsoláthair, a chur san áireamh. Moladh tairseacha freisin chun gur féidir leanúint den bhladhmadh, chun costais dhíréireacha bhainistíochta a sheachaint.

Toibreacha neamhghníomhacha (Airteagal 18)

20. Bhí roinnt Stát amhrasach faoina indéanta agus atá na bearta nó d'iarr siad soiléiriú ar an raon feidhme.

Laghdú ar astaíochtaí in earnáil an ghuail (Caibidil 4 – Airteagail 19 go 26)

21. Tá amhras curtha in iúl ag Stáit éagsúla faoi chostas na mbeart sin i gcás mianaigh ghuail neamhghníomhacha nó na mianaigh sin a bhfuil se beartaithe iad a dhúnadh sa ghearrthéarma.
22. D'iarr Ballstáit maoluithe freisin i bhfianaise chineál sonrach na mianach sin inar mheas siad gá a bheith le scaoileadh nó bladhmadh.

Allmhairí meatáin ó lasmuigh den Aontas (Caibidil 5 – Airteagail 27 go 29)

23. Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis na forálacha i bhfianaise an ghá atá le trédhearcacht na faisnéise a tharchuirfear. Léiríodh imní áfach faoi acmhainneacht agus faoi fhreagracht allmhaireoirí na sonraí sin a bhailiú, ach freisin faoina n-iontaofacht.